




pobal



forbairt



teanga



cultúr



*ag obair ar son phobal
na Gaeltachta agus
na Gaeilge*



Údarás na Gaeltachta

Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha, Gaillimh.

Teil: (091) 503100 Facs: (091) 503101

Ríomhphost: eolas@udaras.ie

<http://www.udaras.ie>

Cion

Ruaidhrí Ó Tuathail

Nuair a d'imigh tú ar maidin uaim
Fágadh pian i mbéal mo chléibh,
Pian nar thraigh gur fhillis
'S dheamhan a dhath a d'fhan ariamh.
Nuair a bhíonn tu ag seasamh taobh liom
Níl arraing i mo chroi,
Gur sa scaradh, fiú feadh tamaillín,
Fáiscítear boltaí ar mo mhian.

Do shiúil mé bóithre bána
Agus siúlfaidh bóithre fós,
Rinne suirí le mná an tsaoil
Agus mná de chuile shórt
Ach dá mbeadh mo stóirín ag coisíocht liom
Ní ligfinn súil ar strae níos mó;
Mar gur i scathán glas a súile
Mhairfeadh mo scáilse go deo.

Amach san oíche ag taisteal dom,
Bíodh gealach agus réalt faoi cheo,
An dorchadas chomh dubh le pic
Agus mé ag triail ar theach mo stór.
Cuma bailte cnoic agus sléibhte
Agus mílte fada bóthair,
Beidh lóchrann eolais ag bun na spéire,
Áit a n-ardaíonn sí a glór.

Ta mná sa tSín a chóireann coirp
Le sioda saitín agus sróil,
Tá ainnir i mbéal an phobail ann
De bharr cáil a scéimh agus snó,
Ach dá mbeadh sí sásta éaló liom
Agus muid ag siúl sna cosa boinn,
Dá gcasfaí Éilean breá na Traoi liom
Bheinn dall ar a brollach mín.

Bhí cáil ariamh ar fhíon ón nGréig
Agus cabhiar dubh ón Rúis,
Is blasta torthaí an chrainn fé phailm
Cé nach geleachtaim iad mar bhia,
Ach d'fhillfinse ar nós na sean
Ar chiseog agus scadán caoch,
Ach grá mo chleibh bheith sínte liom
Ní iarrfaínn aon mhalairt saoil.

Bhí iomrá san Fhiann ar gheasa
Agus Ó Duibhne á mealladh le póg,
Bhí cur síos ag filí na n-aisling
Ar mhná a bhí sciabhach óg,
Dá ndeonfaí ór na cruinne dom
Agus Cleopatra sciabhach lem' thaobh
B'é mo rogha botháinín ceann raitní léi
Ná an leaba úd i measc na naomh.

Cloisim ceiliúr na n-éan ó mhaidin go faoithin
Ag séis i measc na gcrann,
Ceolchoirm bog na nduilleúr
A mheall filí i gcumadh na rann,
Cloisim monabhar an tsrutham
A rugadh sa díle mór,
Ach is gioscán garbh meirgeach iad
Le hais guth bog binn mo stór.

Tá cáil ar mhná na n-amhrán
A mheall na fir ab fhearr,
Ó Thoraí na dtonn ó thuaidh
Agus uaidh sin go Condae an Chláir.
Ach dá bhfaighinnse sláinte an bhroic
Agus aois Oisín a chuaigh le fán,
B'fhearr liom seal oíche ina cuideachta
Ná bheith luaite sna dánta grá.

Tá bailte ar fud na tíre
Atá luaite i bhearsa agus rann,
Mar gur ionta a mhair na béithe,
Nóirín, Neainsín agus Brídín Bhán,
Ach siad nótaí ceoil na céirsí
A chloistear ann chuile lá
A fhógraíonn do Chlanna Mileadh
Go bhfuil mo ghrása sa Lochán.

Nuair a thréigeann lúth, nuair is liath mo ghruaig
'S mo chuisle gan mórán bhrí,
Nuair is maide droighinn mo thaca siúil,
Nuair nach n-aithníim lá thar oíche,
Ach fios a goireacht siúd a mheall
A bheith fós faoi dhíon mo thí,
'Sé mo phaidiréal na maidne
Í bheith liom go deireadh saoil.



THE GLASS CENTRE (Galway) Ltd.

Corbett Commercial Centre, Wellpark, Galway

Telephone: (091) 770088 Fax: (091) 751432

*Manufactures of Mirror and Glass Products
Beveling - Polishing - Designing - Sandblasting & Etching
Glass Shelves - Table Tops etc*